2025/463

7.3.2025

CINNEADH (AE) 2025/463 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Márta 2025

maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 186, i gcomhar le h Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2003/96/CE ([2]), d'fhormheas an Chomhairle tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin ([3]) ('an Comhaontú'). Síníodh an Comhaontú i gCóbanhávan an 4 Iúil 2002 agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Feabhra 2003.

(2) Foráiltear le hAirteagal 12, pointe (b), den Chomhaontú go bhfuil an Comhaontú le tabhairt i gcrích le haghaidh tréimhse thosaigh dar chríoch an 31 Nollaig 2002 agus go bhféadfar é a athnuachan de chomhthoil idir na páirtithe ar feadh tréimhsí breise 5 bliana.

(3) Ar bhonn Chinneadh 2003/737/CE ón gComhairle ([4]), rinneadh an Comhaontú a athnuachan leis sin an 22 Meán Fómhair 2003 ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana. Thairis sin, ar bhonn Chinntí 2011/182/AE ([5]), (AE) 2015/344 ([6]) agus (AE) 2020/788 ([7]) ón gComhairle, rinneadh an Comhaontú a athnuachan ar feadh tréimhsí 5 bliana ina dhiaidh sin, le héifeacht chúlghabhálach ón 8 Samhain 2009, ón 8 Samhain 2014 agus ón 8 Samhain 2019, faoi seach. Rachaidh an athnuachan is déanaí in éag an 8 Samhain 2024.

(4) Tá an Úcráin ina gníomhaí tábhachtach maidir leis an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht i gcomharsanacht an Aontais. Chun go leanfar den chomhar a éascú i réimsí tosaíochta comhchoiteanna ó thaobh na heolaíochta agus na teicneolaíochta, measann an dá pháirtí gurbh é a leas frithpháirteach é an Comhaontú a athnuachan.

(5) Dheimhnigh an dá pháirtí go bhfuil sé ar intinn acu an Comhaontú a athnuachan go ceann tréimhse bhreise 5 bliana. Ba cheart ábhar an Chomhaontaithe athnuaite a bheith comhionann le hábhar an Chomhaontaithe atá ann faoi láthair. Ar mhaithe le leanúnachas an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart éifeacht chúlghabhálach a bheith ag an athnuachan ón 8 Samhain 2024.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, athnuachan an Chomhaontaithe a fhormheas thar ceann an Aontais.

(7) I gcomhréir leis na Conarthaí, ba cheart don Coimisiún toiliú an Aontais a chur in iúl maidir leis an gComhaontú a athnuachan,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar athnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin go ceann tréimhse bhreise 5 bliana a fhormheas thar ceann an Aontais.

Gabhfaidh éifeacht chúlghabhálach le hathnuachan an Chomhaontaithe ón 8 Samhain 2024.

([1]) Toiliú an 11 Feabhra 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Cinneadh 2003/96/CE ón gComhairle an 6 Feabhra 2003 a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin (IO L 36, 12.2.2003, lch. 31).
([3]) IO L 36, 12.2.2003, lch. 32.
([4]) Cinneadh 2003/737/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 a bhaineann le tabhairt i gcrích comhaontaithe lena n-athnuaitear an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin (IO L 267, 17.10.2003, lch. 24).
([5]) Cinneadh 2011/182/AE ón gComhairle an 9 Márta 2011 a bhaineann le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin (IO L 79, 25.3.2011, lch. 3).
([6]) Cinneadh (AE) 2015/344 ón gComhairle an 17 Feabhra 2015 a bhaineann le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin (IO L 60, 4.3.2015, lch. 37).
([7]) Cinneadh (AE) 2020/788 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2020 a bhaineann le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin (IO L 193, 17.6.2020, lch. 1).

Airteagal 2

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, fógra don Úcráin go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha curtha i gcrích ag an Aontas, ar nósanna imeachta iad is gá chun toiliú an Aontais a chur in iúl maidir leis an gcomhaontú a athnuachan.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. SIEMONIAK